



Lotnaidí agus Creachadóirí - Óstán a dhéanamh d'Fheithidí



Tráth Bliana

Am ar bith den bhliain.

Cuspóir

Cur leis an eolas ar an mbithéagsúlacht sa gharraí agus scileanna praiticiúla a fhoghlaim maidir le déileáil le lotnaidí agus creachadóirí sa gharraí bia.

Ceangal trasna an Churaclaim

OSIE:

Dúile beo, feasacht agus cúram imshaoil, breathnú, clárú, feithidí a aithint, slabhraí bia.

Teangacha:

Focail nua, litearthacht, litriú.

Ealaín:

Óstán a dhéanamh d'fheithidí, líníocht, grianghraif, cruthaitheacht.

OSPS:

Mise agus an Domhan mór, saoránacht ghníomhach fhreagrach.

An Curaclam Neamhfhoirmeálta:

Scoileanna Glasa, Discover Primary Science.



1

Óstán a dhéanamh d'fheithidí

Maidir le hóstán mór d'fheithidí:

- Cuirtear seanphailléid adhmaid ina gcarnán i gcoirnéal ciúin den gharraí nach mbíonn mórán úsáide as, gan mórán solais ann, in aice le crainn nó fála sreach.
- Líontar na poill idir na sraitheanna le maidí, duilleoga agus píosaí adhmaid. Is féidir sin a dhéanamh le grúpa mór páistí.

Maidir le hóstán beag d'fheithidí:

- Gearrtar maidí, géagáin agus bambú ina bpíosaí timpeall is 250mm ar fhad.
- Cruinnítear duilleoga agus bláthanna as fearann na scoile.
- Ceanglaítear maidí, cipíní, bambú agus duilleoga le chéile le ruóg.
- Maisítear iad le bláthanna agus crochtar sa gharraí iad nó ar fhearann na scoile.
- Is féidir seo a dhéanamh le grúpaí beaga nó mar obair beirte.

Breathnaítear óstán na bhfeithidí go rialta.



2


Na hacmhainní is gá

- Maidí
- Duilleoga
- Píosaí adhmaid
- Cipíní
- Bambú
- Bláthanna
- Ruóg
- Miondeimheas
- Siosúr
- pailléid (roghnach)

3

Áiteanna a mbeadh breis eolais ar fáil

- **ENFO** – www.enfo.ie
- **Discover Primary Science**
www.primaryscience.ie
- **The Year Round Organic School Garden**
(Living Publications)
ISBN 978 0 9561301-0-5
gortbrackorg@gmail.com
- **Scoileanna Glasa**
www.greenschoolsireland.ie



Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board



Garraíodóireacht Orgánach sa Bhunscoil
Lotnaidí agus Creachadóirí - Óstán a dhéanamh d'Fheithidí

Lotnaidí agus Creachadóirí – Óstán a dhéanamh d'Fheithidí ar lean.

Sláinte agus Sábháilteachta

Seachnaítear maidí nó cipíní géara agus bítear cúramach ag plé le siosúr. Ná fágtar an grúpa. Úsáidtear na huirlisí go sábháilte. Nitear na lámha tar éis seisiún garraíodóireachta.

4 Seilmidí agus Slugaí sa Gharraí Bia

Is iomaí bealach orgánach ann le déileáil leo

- Cothaítear an bhithéagsúlacht sa gharraí trí réimsí fiáine agus gnáthóga éin (an chéirseach agus an londubh) agus gnáthóga amfaibiach a chothú. Itheann froga agus éin slugaí agus seilmidí. Is comhartha sin ar an tábhacht atá leis an saolré.
- Socraítear trap do na slugaí - úsáidtear potaí iógart agus beagán beorach
- Is féidir cleas acu seo a oibriú thart ar bhun planda nó ar ghabhdáin - téip copair, blaosc uibhe briste brúite, gairbhéal, mionghráiníní caife, salann agus luaith. Coinníonn siad sin slugaí agus seilmidí amach.
- Déantar fiach ar sheilmidí (iontach ag na ranganna sóisearach) i ngarraí na scoile, cuirtear na seilmidí ar fad i mbuicéad agus ligtear saor iad taobh amuigh d'fhearann na scoile.
- Úsáidtear pillíní orgánacha in aghaidh slugaí ar phlandaí óga. As fospháit iarainn a dhéantar iad – ná húsáidtear díobh ach an beagán agus sin mar chuid de chur chuige cuimsitheach in aghaidh slugaí.

5 Lotnaidí agus Creachadóirí

- **Cuil Ghlas/Aifid:** Creachadóir; bóin Dé (tarraingítear iad trí neantóga a chur). D'fhonn díbert orthu, spraeáiltear an réimse ar fad a bhfuil siad ann leacht níocháin éiceolaíochta lagtha nó le vínéagar gan a lagan.
- **Luchain:** Creachadóir; cait, éin chreiche. D'íofadh luchain pónairí agus piseanna a chuirtear go díreach, is fearr iad a thosú ag fás i bpotaí taobh istigh.
- **Boilb:** Creachadóir; éin cheolmhara, gráinneoga, froga, luch chodlamáin (spreagtar iad le réimsí fiáine, bialanna éin agus boscaí nide. Chun déileáil leo, pioctar amach iad (agus déantar iad a aithint) agus ansin cuirtear sna fáлта sceach iad.
- **Cóta Leathair (Iarbha an ghaláin (snáthadáin)):** Creachadóir; éin cheolmhara, gráinneoga, froga, luch chodlamáin. Faightear san ithir iad (itheann trí na fréamhacha). Pioctar amach iad agus caitear sna fáлта sceach iad.
- **Cuil Chairéid:** Creachadóir; éin cheolmhara. Tugtar cosaint ina n-aghaidh trí eangach nó fleece a chur 450mm os cionn cheapach na gcairéidí. Cuirtear cairéidí in áit chrochta e.g. i mbairille

6 Tionscadail Taighde

Matamaitic – comhartar na seilmidí a bhailítear nuair a dhéantar fiach orthu agus déantar fiach arís tar éis seachtaine ionas gur féidir comparáid nó codarsnacht idir na torthaí a léiriú.

OSIE – feithidí sa gharraí a aithint, slabhraí bia maidir le lotnaidí agus creachadóirí a scrúdú, an gréasán bia sa gharraí glasraí a fhiosrú.

An Oidhreacht Áitiúil – Cé na lotnaidí a bhíodh sa gharraí ag na daoine a chuaigh romhainn?

Tíreolaíocht – an mbaineann cineál na lotnaidí sa gharraí le cineál na hithreach?

Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board



Garraíodóireacht Orgánach sa Bhunscoil
Lotnaidí agus Creachadóirí - Óstán a dhéanamh d'Fheithidí